C/2026/4230

31.7.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12504 — MITSUBISHI HC CAPITAL / BROOKFIELD / MHBF RENEWABLES)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/4230)

1. An 22 Iúil 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Brookfield Corporation ('Brookfield', Ceanada),

— Mitsubishi HC Capital Inc. ('MHC', an tSeapáin),

— MHBF Renewable Holdings Limited ('MHBF', an Ríocht Aontaithe), atá faoi rialú Brookfield.

Gheobhaidh Brookfield agus MHC rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar MHBF.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta domhanda é Brookfield a úsáideann comhthiomsuithe caipitil lánroghnaigh ar fud an domhain le haghaidh infheisteoirí ar fud a phríomhghnónna, lena n-áirítear a ghnó bainistíochta sócmhainní agus a ghnólachtaí oibriúcháin atá dírithe go príomha ar chumhacht agus aistriú in-athnuaite, ar bhonneagar, ar chothromas príobháideach agus ar eastát réadach,

— Is soláthraí maoinithe tráchtála é MHC, a sholáthraíonn raon réiteach airgeadais, lena n-áirítear maoiniú sócmhainní, léasú feithiclí agus díolacháin tráthchodanna.

3. Bainisteoidh MHBF sócmhainní fuinnimh in-athnuaite sa Fhrainc, sa Spáinn, san Fhionlainn, sa tSualainn, in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchrúinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12504 — MITSUBISHI HC CAPITAL / BROOKFIELD / MHBF RENEWABLES

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË